Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 35

# Arm-Phinsin

# Réamhrá

I mo ról mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 35, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'eagraíochtaí míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh ilranníocaí agus ilspeansais i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus ildeontas.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais seo i gcomparáid leis na suimeanna deonaithe ag Dáil Éireann faoi Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair do chaiteachas don bhliain.

Taifeadadh barrachas de €148,000 don bhliain.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntas leithreasa mar atá sonraithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019 curtha i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

I mo ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó go braithfí ar bhealach tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte párolla pinsin comhlíonta agam.

Braithim ar litir iontaofachta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***An timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear ann na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta bunaithe, ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta bunaithe, lena n-áirítear roinnt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear sa chreat sin na gnéithe seo a leanas.

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú air go leanúnach.
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca bunaithe laistigh den Roinn.
- Tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti, agus go bhfuil an fheidhm ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa agam. Feidhmíonn an tAonad um Iniúchadh Inmheánach go neamhspleách agus is é atá mar bhonn lena chuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne, lena n-áirítear an Vóta Arm-Phinsin agus bíonn a phleananna bliantúla um iniúchadh inmheánach, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chur san áireamh ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Áirítear i bplean um iniúchadh inmheánach 2020 iniúchadh a bhaineann le réimse an Vóta Arm-Phinsin. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta bunaithe agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leis na rioscaí sin, agus chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus tá na rioscaí seo sainaitheanta, measúnaithe agus rangaithe de réir a suntasaí is atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal cuí.

Tá mionsonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag Roinn ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus an fhoireann bainistíochta sinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le rialú airgeadais***

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2019 a éilíonn go nochtfar iad sa chuntas leithreasa.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

27 Márta 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35 Arm-Phinsin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meán Fómhair 2020

# Vóta 35 Arm-Phinsin

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Foráil mheasta** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A Foráil maidir le sochair phinsin Óglaigh na hÉireann | | | | | |
| *Bunaidh* | 249,133 | | | | |
| *Forlíontach* | 1,900 | | | | |
| | | 251,033 | 250,966 | | 242,320 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 249,133 | | | | |
| *Forlíontach* | 1,900 | | | | |
| | | **251,033** | **250,966** | | **242,320** |
| *Lúide* | | | | | |
| **B Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,000** | **5,081** | | **5,167** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 244,133 | | | | |
| *Forlíontach* | 1,900 | | | | |
| | | **246,033** | **245,885** | | **237,153** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid soláthartha sa bhreis ar an nglanmhéid atá curtha i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **148,239** | **481,095** |

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

An 27 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | 250,903 | 242,233 |
| Pá | 51 | 70 |
| Neamhphá | 12 | 17 |
| **Ollchaiteachas** | **250,966** | **242,320** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,081** | **5,167** |
| **Glanchaiteachas** | **245,885** | **237,153** |
| **Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 2,549 | 2,558 |
| **Glanchostas cláir** | **248,434** | **239,711** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 35 a iompraíodh in áit éigin eile i ndáil le riaradh sochar pinsin agus seirbhísí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,171 | 1,144 |
| Vóta 36 | Cosaint | 1,378 | 1,414 |
| | | **2,549** | **2,558** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | | 201 | 508 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 6 | — |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 207 | 508 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.1 | 60 | 29 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.2 | 147 | 479 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | 207 | 508 |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.3 | **—** | **—** |

### 2.1 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ar an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1 | — |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 3 | — |
| | 4 | — |
| Íocaíochtaí pinsin á gcoimeád i bhfionraí | 56 | 29 |
| | **60** | **29** |

## 2.2 Glanmhaoiniú Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 148 | 481 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1) | (2) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **147** | **479** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 201 | 508 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 6 | — |
| | 207 | 508 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4) | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (56) | (29) |
| | (60) | (29) |
| | **147** | **479** |

## 2.3 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Foráil mheasta | Cuntas | 246,033 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (148) | | |
| Glanvóta | | | 245,885 | 237,153 |
| Caiteachas (airgead) a iompraíodh áit éigin eile | 1.1 | | 2,549 | 2,558 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (248,434) | (239,711) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Clár A Foráil maidir le sochair phinsin Óglaigh na hÉireann

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Foráil mheasta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 70 | 63 | 87 |
| A.2 | Scéimeanna (pinsin) agus íocaíochtaí Óglaigh na hÉireann i ndáil le seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 239,488 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,650 | | | |
| | | | | 242,138 | 242,158 | 233,551 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí chuig nó i ndáil le hiar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (529) | | | |
| | | | | 8,471 | 8,398 | 8,317 |
| A.4 | Íocaíochtaí le céilí athlaochra Chogadh na Saoirse | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250 | | | |
| | | *Forlíontach* | (21) | | | |
| | | | | 229 | 223 | 262 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 225 | | | |
| | | *Forlíontach* | (150) | | | |
| | | | | 75 | 74 | 74 |
| A.6 | Feistí leighis agus speansais taistil agus theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (50) | | | |
| | | | | 50 | 50 | 29 |
| | | | | **251,033** | **250,966** | **242,320** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas a bhain leis an gClár €1.833 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Bhí íocaíochtaí a bhain le pinsin faoi fho-cheannteideal A2 €2.67 milliún nó 1.1% os cionn an mheastacháin bhunaidh a soláthraíodh. Bhí sé seo fritháirithe i bpáirt ag tearc-chaitheamh ar fho-cheannteidil eile, lena n-áirítear na héagsúlachtaí suntasacha caiteachais seo a leanas (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí chuig nó i ndáil le hiar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann**

*Foráil mheasta: €9 mhilliún, toradh: €8.398 milliún*

D'eascair an tearc-chaitheamh de €602,000 as líon níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis de dhámhachtainí nua cnapshuime pinsin mhíchumais agus mhíthreoraigha bheith á n-íoc in 2019. Is iad na tosca a bhfuil tionchar acu ar chaitheamh líon agus toradh na n-iarratas nua ar an bpinsean míchumais. Ó tharla é a bheith ag brath ar éileamh, is deacair an caiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo a thuar ó bhliain go bliain.

**A.5 Íocaíochtaí cúitimh**

*Foráil mheasta: €225,000, toradh: €74,000*

Déantar foráil sa phríomhghné 'teagmhasachta' den fho-cheannteideal seo le haghaidh cúiteamh speisialta cnapshuime a bheith á íoc ag an Roinn Cosanta i ndáil le básanna seirbhísghaolmhara nó míthreorú chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann le linn dóibh a bheith ar dualgas thar lear leis na Náisiúin Aontaithe agus ar mhisin áirithe eile. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí dá leithéid sa chatagóir seo i rith 2019.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann | 3,347 | 3,425 | 3,497 |
| 2 | Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann | 1,500 | 1,636 | 1,596 |
| 3 | Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí | 40 | 19 | 68 |
| 4 | Íocaíochtaí faighte i ndáil le seirbhís aistrithe | 40 | — | — |
| 5 | Ilghnéitheach | 70 | — | 4 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 3 | 1 | 2 |
| | **Iomlán** | **5,000** | **5,081** | **5,167** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair cothrom le €81,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Ba é an méid seo a leanas ba mhó ba chúis leis sin.

**2 Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann**

*Foráil mheasta: €1.5 mhilliún, réadaithe: €1.636 milliún*

Bhí an méadú €136,000 mar gheall go raibh na ranníocaíochtaí a chuir pearsanra atá ag fónamh mar chomhaltaí de na Buan-Óglaigh leis na scéimeanna pinsean níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis. Beidh éagsúlacht i gceist sna ranníocaíochtaí mar gheall ar athruithe pearsanra, tuillimh inphinsin agus arduithe céime sna Buan-Óglaigh. Dá réir sin, baineann deacracht leis an leibhéal fáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 1 | 1 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 49 | 68 |
| ÁSPC Fostóra | 2 | 2 |
| **Pá iomlán** | **51** | **70** |

Nóta Áirítear san fhigiúr pá thuas tuarastal comhalta foirne lánaimseartha amháin sa Roinn Cosanta (féach Nóta 5.1) a sholáthraíonn tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean agus táillí íoctha le beirt chomhaltaí den Bhord in 2019. Gearrtar na costais phá seo, agus na costais taistil gaolmhara de €12,000, chuig fo-cheannteideal A.1.

I láthair na huaire, tá 23.5 fostaí (coibhéisí iánaimseartha) sa Roinn Cosanta ag díriú go hiomlán ar riaradh pinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile. Gearrtar a luach saothair, atá cothrom le thart ar €971,000, chuig Vóta 36.

## 5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meán-íocaíochtaí le pearsanra de chuid na mBuan-Óglach atá imithe ar scor [a]

| An chatagóir pinsinéara | Líon na bhfaighteoirí pinsin ag deireadh na bliana | | Meán-íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Oifigigh ar scor | 1,865 | 1,839 | 31,500 | 31,100 |
| Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor | 8,976 | 8,779 | 16,800 | 16,750 |
| Cleithiúnaithe agus eile [b] | 1,846 | 1,865 | | |
| **Iomlán** | **12,687** | **12,483** | | |

Nóta [a] Léirítear i dTábla 5.3 an líon iomlán daoine le haghaidh gach catagóir faighteoirí ó gach fo-cheannteideal ábhartha ag deireadh na bliana laistigh de Vóta 35. Tá pinsean scoir mhíleata agus pinsean míchumais mhíleata á fháil ag roinnt pearsanra ar scor, agus tá íocaíochtaí cosúla iníoctha freisin le roinnt céilí/leanaí pearsanra éagtha: ní chomhairtear faighteoirí dhá phinsean dá leithéid ach uair amháin chun críche líon na ndaoine thuasluaite. Déantar an mheán-íocaíocht aonair pinsin taifeadta do phearsanra ar scor a ríomh trí thagairt a dhéanamh do chaiteachas iomlán ar phinsin scoir amhail ag deireadh na bliana faoi Fho-cheannteideal A2.

[b] Níl an mheán-íocaíocht aonair taifeadta thuas faoi 'cleithiúnaithe agus eile' de bhrí go dtugtar athrú sna méideanna faoi deara mar gheall ar na catagóirí difriúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa seo. In 2019 bhí meánphinsean aoisliúntas-ghaolmhar na gcleithiúnaithe le haghaidh 1,408 faighteoir cothrom le €9,300, mórán mar an gcéanna le 2018.

## 5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meán-íocaíochtaí nuair a théann duine ar scor le pinsean [a]

| An chatagóir pinsinéara | Líon na bhfaighteoirí | | Meán-íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| **Daoine nua atá imithe ar scor a bhfuil pinsean á fháil acu i rith na bliana** | | | | |
| Oifigigh | 51 | 50 | 91,700 | 87,000 |
| ONCanna agus saighdiúirí singile | 361 | 293 | 39,600 | 39,650 |
| **Iomlán** | **412** | **343** | | |

Nóta [a] Athraíonn leibhéal na haisce pinsin agus scoir ag brath ar an gcéim scoir, tuillimh inphinsin, seirbhís ináirithe iomlán, srl.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 74 ró-íocaíocht amuigh ag deireadh na bliana (2018: 53), a bhí cothrom le €54,224, agus ar bhain €28,787 de le blianta roimhe sin. Tháinig ró-íocaíochtaí ar luach €58,525 chun solais in 2019, a ndearnadh €31,595 díobh a aisghabháil agus €1,493 a dhíscríobh. Tá iarrachtaí á ndéanamh aon mhéideanna amuigh a aisghabháil. Baineann formhór na ró-íocaíochtaí seo leis an gcion den phinsean a íocadh sa tréimhse i ndiaidh dháta bás pinsinéara, cásanna ina raibh an párolla míosúil próiseáilte don mhí sin cheana féin.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **45,432** | **48,458** |
| Ró-íocaíocht aitheanta sa bhliain | | 58,525 | 56,955 |
| | | 103,957 | 105,413 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta in 2019 | 31,595 | | |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta roimh-2019 | 12,377 | 43,972 | 55,198 |
| | | 59,985 | 50,215 |
| **Díscríofa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta in 2019 | 1,493 | | |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta roimh-2019 | 4,268 | 5,761 | 4,783 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **54,224** | **45,432** |

### 6.2 Íocaíochtaí faoi réir laghdú pinsean seirbhíse poiblí

Mura gcuirtear na figiúirí ag 6.1 thuas san áireamh, bhí 19 ró-íocaíocht eile amuigh ag deireadh na bliana a bhí cothrom le €50,201 (féach ar an tábla thíos). Bhain siad seo le hiar-chomhaltaí na mBuan-Óglach a raibh pinsin scoir mhíleata á bhfáil acu, a bhí tar éis glacadh le fostaíocht áit éigin eile sa tseirbhís phoiblí. Tá a leithéid sin de phinsin faoi réir fhorálacha laghdaithe Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile). I ngach cás, d'eascair na ró-íocaíochtaí pinsin as moilleanna a raibh an fostóir seirbhíse poiblí ábhartha freagrach astu i ndáil le fógra a chur chuig an Roinn Cosanta maidir le hathfhostú an phinsinéara. Tháinig ró-íocaíochtaí luach €18,451 chun solais in 2019 i ndáil le 23 cás, agus tá €13,828 aisghafa anois.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **52,950** | **50,649** |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta sa bhliain | | 18,451 | 13,446 |
| | | 71,401 | 64,095 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta roimh-2019 | 7,372 | | |
| Ró-íocaíochtaí aitheanta in 2019 | 13,828 | 21,200 | 11,145 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **50,201** | **52,950** |